European Training Foundation

# SPEISIALTÓIR CUMARSÁIDE
# FÓGRA FOLÚNTAIS

Gníomhairí sealadacha - Feidhmghrúpa AD, grád 7

## An bhfuil tú réidh don chéad dúshlán mór eile?

Tá Speisialtóir Cumarsáide á lorg ag an bhForas Eorpach Oiliúna (ETF) chun a chuid eolais a roinnt leis an bpobal idirnáisiúnta.

Ag obair le saineolaithe forbartha caipitil dhaonna agus le baill foirne díograiseacha, beidh ort scéalta tarraingteacha a scríobh do chineálacha éagsúla meán, cuir i láthair cheardaíochta a chur le chéile, faisnéis chasta a mhíniú ar bhealach sothuigthe agus teachtaireachtaí corparáideacha tábhachtacha a fhoirmliú.

Má tá tú paiseanta faoin iriseoireacht agus má tá spéis agat san oideachas, san oiliúint agus i gceisteanna forbartha, beidh deis agat in ETF difríocht a dhéanamh i dtimpeallacht ghairmiúil dhinimiciúil.

## Céard é an ETF?

Tá an ETF ina gníomhaireacht AE atá lonnaithe in Turin, an Iodáil. Cabhraíonn ETF le tíortha atá i mbun trasdula agus le tíortha i mbéal forbartha leas a bhaint as acmhainneacht a gcaipitil dhaonna trí athchóiriú a dhéanamh ar chórais oideachais, oiliúna agus mhargadh an tsaothair, i gcomhthéacs bheartais chaidreamh seachtrach an Aontais Eorpaigh.

Tacaímid le tíortha a bhfuil teorainn acu leis an Aontas Eorpach chun feabhas a chur ar a gcórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, chun anailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna agus chun a margaí saothair a fhorbairt. Tríd an méid sin a dhéanamh, cabhraímid leo comhtháthú sóisialta a fheabhsú agus fás geilleagrach níos inbhuanaithe a bhaint amach, a théann chun tairbhe na mBallstát agus a gcuid saoránach trí chaidreamh eacnamaíoch a fheabhsú.

## Céard atá á thairiscint againn?

**Cineál conartha:** Gníomhaire sealadach – Feidhmghrúpa AD, grád 7

**Fad an chonartha:** 3 bliana, inathnuaite, faoi réir tréimhse promhaidh

**Gnáth-thuarastal:** le haghaidh fostaí aonair a bhfuil sé bliana de thaithí ghairmiúil ábhartha aige nó aici: thart ar € 4,580 glan sa mhí; nó le haghaidh fostaí a bhfuil sé bliana de thaithí ghairmiúil ábhartha aige nó aici, liúntais easaoránachta agus leanbh cleithiúnach amháin: thart ar € 6,500 glan sa mhí.

THE EU AGENCY SUPPORTING COUNTRIES TO DEVELOP THROUGH LEARNING

## Cad a dhéanfaidh tú agus conas a oibreoidh tú?

I do cháil mar Speisialtóir Cumarsáide, beidh tú ag obair san Fhoireann um Chumarsáid Straitéiseach. Tá an fhoireann mar chuid den Roinn Beartais agus For-rochtana Poiblí.

Beidh tú ag obair go dlúth le saineolaithe forbartha caipitil dhaonna agus le baill na foirne Cumarsáide Straitéisí. Beidh tú ag forbairt caidrimh tháirgiúla agus chomhoibríocha ar fud ranna ETF agus go seachtrach araon. Úsáidfidh tú scileanna cumarsáide labhartha agus scríofa den scoth agus tú ag obair le catagóirí éagsúla geallsealbhóirí. Tá tú an-eagraithe agus is oibrí foirne oscailte, díograiseach agus réamhghníomhach thú.

Beidh tú freagrach as:

- Scéalta suimiúla a shainaithint, taighde a dhéanamh orthu agus iad a scríobh i bhformáidí éagsúla (ailt nuachta, blaganna, eagarfhocail, ailt irisí, poist do na meáin shóisialta) do chainéil éagsúla (gréasáin, cló, meáin shóisialta)
- Óráidí a scríobh agus cuir i láthair cheardaíochta a chumadh ar son Stiúrthóir ETF agus ar son bainisteoirí sinsearacha
- Faisnéis theicniúil chasta a choigeartú agus anailís agus sonraí a chur in oiriúint i bprós inrochtana i bhformáidí éagsúla (tuarascálacha achoimre, miontuairiscí beartais, ábhar gréasáin, blaganna, etc.) do lucht féachana nach saineolaithe iad, e.g. lucht déanta beartas, cleachtóirí agus an pobal i gcoitinne
- Anailís a dhéanamh ar fhianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil faoi fhorbairtí téamacha agus tíre agus í a shintéisiú, faoi dhul chun cinn beartais agus faoi fheidhmíocht na gcóras
- Gníomhaíochtaí cumarsáide comhpháirteacha a fhorbairt le seirbhísí AE, le geallsealbhóirí ó thíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta
- Teagmháil a dhéanamh le geallsealbhóirí, agallaimh a dhéanamh leo agus modhnóireacht a dhéanamh ar phlé ar líne agus aghaidh ar aghaidh
- Straitéisí cumarsáide corparáideacha agus tionscadail-sonracha a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus teachtaireachtaí tabhachtacha a cheapadh do spriocphobail éagsúla
- Comhordú, maoirseacht agus dearbhú cáilíochta a dhéanamh ar obair scríbhneoirí agus iriseoirí seachtracha

D'fhéadfadh taisteal idirnáisiúnta a bheith i gceist leis an bpost seo.

## Critéir Incháilitheachta

D'fhonn a bheith incháilithe, ní mór duit na riachtanais seo a leanas a shásamh ar an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais:

1. A bheith i do náisiúnach de cheann de Bhallstáit den Aontas Eorpach
2. Cearta iomlána mar shaoránach a bheith agat
3. Aon oibleagáidí arna bhforchur ag an dlí a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat
4. A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh

5 Leibhéal oideachais arb ionann é agus ceithre bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith agat agus taithí ghairmiúil 6 bliana ar a laghad a bheith gnóthaithe agat ina dhiaidh sin

nó

Leibhéal oideachais arb ionann é agus trí bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith agat agus taithí ghairmiúil seacht mbliana ar a laghad a bheith gnóthaithe agat ina dhiaidh sin

Ní fhéadfar ach dioplómaí a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin a bhreithniú.

6 Eolas críochnúil (leibhéal C1 i ngach gné den Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFRL)) i gceann de theangacha an Aontais agus eolas sásúil (leibhéal B2 i ngach gné de réir CEFRL) i dteanga eile de chuid an Aontais, a mhéid is gá chun na dualgais a chomhlíonadh.

## Critéir Roghnúcháin

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas ag iarrthóirí:

### Taithí ghairmiúil

- taithí ghairmiúil sé bliana ar a laghad – le 10 bliana anuas – i réimse na forbartha straitéisí – de réir na rannóige: Cad a dhéanfaidh tú agus conas a oibreoidh tú?

### Scileanna anailíseacha an-mhaith

- Scileanna iriseoireachta
  - An cumas chun scéalta a aithint, taighde a dhéanamh orthu agus scéalta a scríobh i bprós slachtmhar i bhformáidí éagsúla do chainéil éagsúla
  - An cumas chun scéalta ábhartha a aimsiú i sonraí, i dtuarascálacha teicniúla agus i staidéir ar shaincheisteanna oideachais agus fostaíochta
  - An cumas chun teagmháil a dhéanamh le lucht déanta beartas, le saineolaithe, le hacadóirí agus le geallsealbhóirí eile maidir le saincheisteanna oideachais, oiliúna agus fostaíochta, agallaimh agus modhnóireacht a dhéanamh ar phlé
- Scileanna scríbhneoireachta teicniúla
  - An cumas chun faisnéis theicniúil chasta, anailís agus sonraí a chur i bprós gonta inrochtana i bhformáidí éagsúla do cainéil éagsúla
  - Cumas chun óráidí a scríobh ar ábhair éagsúla do chainteoirí agus do phobail éagsúla
- Scileanna teicniúla cumarsáide
  - Tuiscint ar theicnící, ar theicneolaíochtaí agus ar chainéil éagsúla chumarsáide, agus conas iad a úsáid
  - An cumas chun straitéisí cumarsáide a cheapadh agus a chur chun feidhme
  - Eolas ar ardáin na meán sóisialta agus ar mhargaíocht na meán sóisialta
- Béarla: leibhéal C1 i ngach gné de réir CEFRL

### Scileanna boga an-mhaith sna nithe a leanas

- solúbthacht
- anailís agus cruinneas
- caidreamh comhoibritheach a chothú
- cumarsáid ó bhéal
- féineagrú

### Buanna

- teastas nó céim ollscoile nó forbairt leanúnach sa chumarsáid nó san iriseoireacht
- eolas ar bheartais AE agus ar bheartais dhomhanda maidir le caipiteal daonna a fhorbairt
- taithí ar chonarthaí a bhainistiú agus ar thairiscintí

## Iarratais a chur isteach

Is é an dáta deiridh chun iarratais a chur isteach ná 8 Nollaig 2021 ag 23.59 (am Turin).

Tugtar cuireadh duit d'iarratais a sheoladh trí shuíomh gréasáin ETF, faoin roghbhlár “About” agus ansin faoi “Recruitment”.

Moltar go mór duit gan fanacht go dtí an lá deiridh chun d’iarratas a chur isteach mar go bhféadfadh trácht trom idirlín nó fabht sa nasc idirlín a bheith ina gcúis le deacrachtaí nuair a bheifear ag cur iarratais isteach.Ní féidir glacadh leis go bhfuil ETF freagrach as aon mhoill ar d'iarratas mar gheall ar dheacrachtaí den sórt sin.

### Ceanglais fhoirmiúla

Ní mór duit na doiciméid go léir a luaitear thíos a chur ar fáil, faoin dáta deiridh, i mBéarla go hinmhianaithe:

- litir chumhdaigh uasmhéid aon leathanaigh, ag míniú cén fáth a bhfuil spéis agat sa phost
- curriculum vitae san fhormáid CV Europass

**Tabhair faoi deara nach nglacfar ach le hiarratais a cuireadh isteach ar líne trí shuíomh gréasáin ETF, i gcomhréir leis na ceanglais fhoirmiúla a luaitear thuas.**

## Roghnúchán

Tá trí chéim i gceist sa chéim roghnúcháin:

## Céim 1 – Iarratais a scagadh

### 1.1 Incháilitheacht

Déanfaidh an fhoireann Earcaíochta athbhreithniú ar na hiarratais go léir. Ní théann ach na hiarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus na ceanglais fhoirmiúla ar fad ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

### 1.2 Roghnúchán le haghaidh agallamh agus trialacha scríofa

Ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil sa curriculum vitae, déanfaidh an bord na hiarratais a mheas i gcomparáid leis an taithí ghairmiúil, na scileanna teicniúla agus na sócmhainní a theastaíonn. Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí a chuireann isteach na hiarratais is oiriúnaí chun freastal ar agallamh agus ar thrialacha scríofa. Táthar ag súil go dtabharfar cuireadh do thart ar 6 iarrthóir.

Tá ETF ag súil le líon mór iarratas. Mar thoradh air sin, ní rachaidh an fhoireann earcaíochta i dteagmháil ach le hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta. Táthar ag súil go ndéanfar é sin faoi lár mhí na Nollag 2021.

## Céim 2 – Agallaimh agus trialacha scríofa

Déanfaidh an bord measúnú ar chúlra oideachais, ar thaithí ghairmiúil agus ar scileanna na n-iarrthóirí atá riachtanach don phost seo agus do Ghníomhairí Sealadacha AE trí agallamh agus trialacha scríofa a reáchtálfar go cianda. Déanfar meastóireacht gan ainm ar chuid amháin den triail ar a laghad. Reáchtálfar na hagallaimh agus na trialacha scríofa i mBéarla go príomha.

Tar éis na céime sin, cuirfidh an bord liosta iarrthóirí ar aghaidh chuig Stiúrthóir ETF a mheastar gurb iadsan is fearr a thagann leis na critéir roghnúcháin – tar éis dóibh:

- 70% de na pointí leithdháilte le haghaidh scileanna boga a ghnóthú, agus
- 70% de na pointí leithdháilte le haghaidh scileanna teicniúla agus taithí ghairmiúil ábhartha a ghnóthú

Meastar go dtarlóidh an chéim sin i mí Eanáir 2022.

## Céim 3 – Ceapachán

Agus moladh an bhoird á thabhairt san áireamh, ceapfaidh Stiúrthóir ETF an t-iarrthóir is oiriúnaí. Táthar ag súil go rachaidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi i mbun dualgas ar an 16 Feabhra 2022.

Féadfaidh an Stiúrthóir cinneadh a dhéanamh freisin liosta d’iarrthóirí eile a d’fhéadfadh a bheith oiriúnach a bhunú. Beidh an liosta bailí go dtí an 31 Nollaig 2022.Féadfar an tréimhse bhailíochta sin a fhadú le cinneadh ón Stiúrthóir.Ní ráthaíonn cuimsiú ar an liosta tairiscint poist.

Sa chás go dtagann folúntas i bpost den sórt sin aníos nó gur gá é a chlúdach, féadfaidh an Stiúrthóir post a thairiscint d’iarrthóir ar an liosta a n-oireann a p(h)róifíl is fearr do riachtanais ETF um an dtaca sin.

## Obair an bhoird

Tá obair agus plé an bhoird faoi rún daingean agus ní cheadaítear aon teagmháil lena chomhaltaí.Is éard atá i gceist le teagmháil a dhéanamh leo go ndícháileofar tú ón nós imeachta.

## Coinníollacha conartha

### Conradh fostaíochta

Mairfidh sé tréimhse sheasta trí bliana agus féadfar é a athnuachan. Tá sé faoi réir tréimhse promhaidh naoi mí.

Tá conarthaí na ngníomhairí sealadacha i gcomhréir le hAirteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile (CEOS) an Aontais Eorpaigh.Faoin chineál conartha sin, tá an fostaí faoi cheangal CEOS agus na Rialacha Cur Chun Feidhme cuí.

Ní bheidh ETF faoi cheangal leis an gconradh fostaíochta arna thairiscint ach amháin sa chás go mbeidh na nithe a leanas déanta ag an iarrthóir a roghnófar sula síneofar an conradh:

- cóipeanna bunaidh nó cóipeanna deimhnithe a bheith curtha ar fáil aige nó aici de gach doiciméad ábhartha lena ndeimhnítear a (h)incháilitheacht, lena n-áirítear taifead ciontuithe glan
-  scrúdú dochtúra éigeantach a bheith déanta aige nó aici lena ndearbhaítear go gcomhlíonann sé nó sí an caighdeán corpacmhainneachta is gá chun na dualgais lena mbaineann a chomhlíonadh
- ETF a bheith curtha ar an eolas aige nó aici faoi aon choinbhleacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh a bheith ann agus gur measadh nach bhfuil aon leas pearsanta aige ná aici a chuirfeadh as dá neamhspleáchas, ná aon choinbhleacht leasa eile.

### Leanúnachas fostaíochta idir Gníomhaireachtaí an AE

Má tá conradh do ghníomhaire Sealadach 2(f) ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi faoi láthair agus má cháilíonn sé/sí d'aistriú faoi théarmaí CEOS, beidh an bandaleithead don phost seo AD 6 – AD 8.

### Tuarastal agus sochair

Ag brath ar a staid phearsanta, d'fhéadfadh baill foirne a bheith i dteideal liúntas éagsúil amhail liúntas easaoránachta, liúntas teaghlaigh, liúntas linbh chleithiúnaigh, liúntas oideachais, etc. Tá an tuarastal faoi réir cánach Comhphobail a asbhaintear ag an bhfoinse agus tá comhaltaí foirne díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.

## Faisnéis bhreise

Ní thabharfar na doiciméid a chuirtear ar fáil le linn an nós imeachta ar ais d'iarrthóirí. Ina ionad sin, coinneofar ar comhad iad in ETF don tréimhse is gá le haghaidh an phróisis agus scriosfar ina dhiaidh sin iad.

Beidh feidhm ag reachtaíocht an Aontais Eorpaigh um chosaint sonraí pearsanta agus rúndacht faisnéise maidir leis na sonraí pearsanta ar fad a bhailítear le haghaidh an phróisis seo.

Tá tuilleadh faisnéise le fáil sa Ráiteas príobháideachais ar shuíomh gréasáin ETF.

Iarratasóirí a mheasann go ndearnadh dochar dá leasanna le cinneadh a bhaineann leis an nós imeachta roghnúcháin, féadfaidh siad gearán a dhéanamh trí na treoracha (i mBéarla) atá ar fáil ar láithreán gréasáin ETF a leanúint.

*NÓTAÍ: Má tá neamhréireachtaí ann idir na leaganacha teangeolaíocha difriúla, ba cheart glacadh leis gurb é an leagan Béarla an leagan ceart.*